$f(x) = \frac{1}{(x+2)} = (x+2)^{-1}$ $\Rightarrow f'(x) = -1(x+2)^{-2} = \frac{-1}{(x+2)^2}$ $f'(x) = \frac{-1}{(x+2)^2} = 0 \text{ Dodhéanta nó } f'(x) \neq 0 \text{ nó } f'(x) < 0$ <p><i>nó</i></p> $f(x) = \frac{1}{(x+2)}$ $u = 1, \quad v = x+2$ $\Rightarrow \frac{du}{dx} = 0, \quad \frac{dv}{dx} = 1$ $f'(x) = \frac{(x+2)(0)-(1)(1)}{(x+2)^2}$ $f'(x) = \frac{-1}{(x+2)^2} = 0 \text{ Dodhéanta nó } f'(x) \neq 0 \text{ nó } f'(x) < 0$	[4m] [7m] [10m]	

- * Faigtear $f'(x)$ i gceart 7 marc, conclúid 3 mharc
- * Níl líon ná cuingriail sa difréail, tuilleann sé marc iarrachta ar a mhéad

Botúin (-3)

- B1 Difréail uair amháin do gach téarma (lena n-áirítear comhartha)
- B2 Difréail, téarma in easnamh
- B3 Gan chonclúid nó conclúid mhícheart

Iarrachtaí (3 mharc)

- A1 Tráchtar ar $f'(x)$
- A2 Luaitear go bhfuil an fheidhm ag “laghdú” de shíor



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2011

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

MATAMAITIC – Páipéar 2

Gnáthleibhéal

TREOIRLÍNTE GINEARÁLTA DO SCRÚDAITHEOIRÍ – PÁIPÉAR 2

1. Cuirtear trí chineál pionóis i bhfeidhm ar obair iarrthóirí mar a leanas:
 - Botúin- earráidí matamaiticiúla/ábhar fágtha ar lár (-3)
 - Sciorrthaí - earráidí uimhriúla (-1)
 - Míléamh (ar choinníoll nach ndéantar róshimpliú ar an tasc) (-1).

Na hearráidí a tharlaíonn go minic agus nach mór na pionóis seo a chur i bhfeidhm orthu, tá siad liostaithe sa scéim. Seo a leanas na lipéid atá orthu: B1, B2, B3,... , S1, S2,... , M1, M2,... srl. Ní liostaí ionmlána iad seo.

2. Le linn marcanna a thabhairt i leith iarrachtaí, e.g. Iarr 3, tabhair an méid seo a leanas do d'aire:
 - aon chéim *cheart, ábhartha* i gcuid de cheist, tuilleann an chéim sin, *ar a laghad*, an marc i leith na hiarrachta atá ag gabháil leis an gcuid sin
 - más rud é go bhfágann asbhaintí go bhfuil marc áirithe níos íseal ná an marc i leith iarrachta, ansin ní mór an marc i leith iarrachta a thabhairt
 - ní thugtar marc idir nialas agus an marc i leith iarrachta riamh.
3. Tugtar nialas d'obair gan fiúntas. Tá roinnt samplaí d'obair den sórt sin liostaithe sa scéim agus na lipéid W1, W2, .. etc. orthu.
4. Ciallaíonn an frása “aimsíú nó ionmráill” nach dtugtar marcanna páirteacha – faigheann an t-iarrthóir na marcanna ábhartha go léir nó ní fhaigheann sé/sí marcanna ar bith.
5. Ciallaíonn an frása “agus stopann sé/sí” nach léiríonn an t-iarrthóir aon obair eile.
6. Is ionann réiltín agus a rá go bhfuil nótaí speisialta ann a bhaineann le marcáil cuid áirithe de cheist. Faightear na nótaí seo go díreach tar éis an bhosca ina bhfuil an réiteach ábhartha.
7. Níl sé i gceist gur liostaí ionmlána atá sna réitigh shamplacha ar gach ceist ar leith – d'fhéadfadh sé tarlú go bhfuil réitigh cheartaile ann. Aon scrúdaitheoir atá éiginnte faoi bhailíocht an chur chuige a ghlaicann aon iarrthóir ar leith i gcás aon cheiste, ba chóir dó/di teagmháil a dhéanamh lena scrúdaitheoir comhairleach.
8. Mura rud é go léirítear a mhalaire sa scéim, glac leis an gceann is fearr de dhá iarracht níos mó – fiú amháin i gcás iarrachtaí a cealaíodh.
9. Ní ghearrtar pionós ar an earráid *chéanna* sa chuid *chéanna* de cheist ach *aon uair amháin*.
10. Marcanna i leith iarrachta ar a mhéad is ceart a thabhairt do chásanna áirithe, d'fhíoruithe agus do fhreagraí a thig ó léaráidí (mura rud é go n-iarrtar amhlaidh).
11. Marc iarrachta ar a mhéad atá mar thoradh ar mhórbhotún, ar mhóreasnamh ní ar mhór-mhíléamh.
12. Ná gearr pionós as ucht camóg a úsáid i gcomhair pointe deachúlach, e.g. féadfar €5.50 a scríobh mar €5,50.

Pionós a chur i bhfeidhm ar fud na scéime

Cuirtear pionós i bhfeidhm faoi réir marcanna atá faigthe cheana féin.

Botúin – seo a leanas samplaí de bhotúin:

- Earráid ailgéabruacha: $8x + 9x = 17x^2$ nó $5p \times 4p = 20p$.
- Earráid comhartha: $-3(-4) = -12$ nó $(-3)^2 = -9$.
- Earráid maidir le codán: Inbhéartú mícheart codáin etc. Cuir i bhfeidhm uair amháin é.
- Earráid trasiolraithe
- Earráid maidir le pointe deachúil a chur san ionad mícheart.
- Earráid maidir le trasuíomh: $-2x - k + 3 = 0 \Rightarrow -2x = 3 + k$ nó $-3x = 6 \Rightarrow x = 2$
nó $4x = 12 \Rightarrow x = 3$ gach cineál uair amháin in aghaidh na roinne.
- Earráid maidir le dlí an dálte (uair amháin in aghaidh gach péire lúibíní)
 $\frac{1}{2}(3-x) = 6 \Rightarrow 6 - 2x = 6$ nó $(4x+3) = -4x + 3$ nó $3(2x+4) = 6x + 4$
- Lúibíní a fhobairt go mícheart: $(2x-3)(x+4) = 8x^2 - 12x$.
- Easnamh, i gcás nach róshimplítear obair, mura dtugtar treoir dá mhalaир.
- Earráid maidir le séan, gach uair mura dtugtar treoir dá mhalaир.
- Fachtóiriú: earráid i gceann de na cothromóidí cearnacha nó sa dá cheann, cuir i bhfeidhm uair amháin é $2x^2 - 2x - 3 = (2x-1)(x+3)$.
- Earráid fréimhe ó fhachtóiri iarrthóra: earráid i bhfréamh amháin nó sa dá cheann, cuir i bhfeidhm uair amháin é
- Ionadú mícheart isteach i bhfoirmí (i gcás nach sciorradh soiléir atá ann):

$$\text{e.g. } 2x^2 + 3x + 4 = 0 \Rightarrow x = \frac{-3 \pm \sqrt{9 - 4(2)(4)}}{2(3)}$$

$$\text{nó } \frac{10}{\sin 70} = \frac{9}{\sin 50}.$$

- Déileáiltear go mícheart leis na comhordanáidí mar (x_1, x_2) agus (y_1, y_2) nuair atá an fhoirmle céimseata comhordanáidí á húsáid.
- Earráidí i bhfoirmle, mar shampla: $\frac{y_2 + y_1}{x_2 + x_1}$ nó $A = P \left(1 + \frac{n}{100} \right)^r$ nó $a^2 = b^2 + c^2 + bc \cos A$ nó
 $\sqrt{(x_2 - x_1)^2 + (y_2 - y_1)^2}$, ach amháin mar a léirítear sa scéim.


Tabhair faoi deara: Tugtar foirmle cheart ábhartha léi féin agus stopann sé nó sí; sa chás sin tugtar marc i leith iarrachta mura bhfuil an fhoirmle sa leabhrán *Foirmí agus Táblai*.

Sciorrthaí – seo a leanas samplaí:

- Sciorrthaí uimhriúla, mar shampla: $4 + 7 = 10$ nó $3 \times 6 = 24$ ach botún is ea $5 + 3 = 15$.
- I gcás ina bhfágtar cothromú go dtí leibhéal cruinnis riachtanach ar lár nó i gcás ina ndéantar cothromú mícheart go dtí an leibhéal cruinnis mícheart nó i gcás ina ndéantar cothromú luath a dhéanann difear don chruinneas, gearrtar pionós mar sciorradh aon uair amháin i ngach roinn.
- Ach is botún ar a laghad atá i slánú luath má shimplíonn sé an freagra.
- I gcás ina bhfágtar na haonaid tomhais ar lár i bhfreagra nó i gcás ina dtugtar aonaid tomhais mhíchearta, déileáiltear leis sin mar sciorradh uair amháin i ngach roinn más rud é, thairis sin, go bhfaigheadh an t-iarrthóir na marcanna iomlána sa roinn sin. Baineann le seo le Q1 (a) (i), (ii), (b) (i) agus (c) (i), (ii) agus le Q5 (a), agus (b) (i), (ii)


Míléamh

- Ní dhéanfaidh samplaí amhail 436 in ionad 346 athrú ar nádúr na ceiste agus gearrtar pionós -1.
- Ach, dá scríobhfaí 5000 in ionad 5026 d'athrófaí an obair agus gearrtar pionós ina leith mar a bheadh botún ann ar a laghad.



CEIST 1

Cuid (a)	10 (5, 5) marc	Iarr. (2, -)
Cuid (b)	20 (15, 5) marc	Iarr. (5, 2)
Cuid (c)	20 (10, 10) marc	Iarr. (3, 3)

Cuid (a)	10 (5, 5) marc	Iarr. (2, -)
<p>(i) Ríomh achar na dronuilleoige a thaispeántar sa léaráid.</p> <p>(ii) Uaidh sin, ríomh achar an réigiúin scáthaithe.</p> 		

(a) (i)	5 mharc	Iarr. 2
<p>(i) Achar dronuilleoige = $14 \times 8 = 112 \text{ cm}^2$.</p> <p>* Glac le freagra ceart gan obair, lena n-áirítear freagra a scríobhtar ar léaráid.</p> <p>* Ná gearr pionós ar aonad in easnamh/mícheart ach amháin nuair a thugtar marcanna iomlána don fhreagra atá tugtha.</p>		

Ná tabhair ach na marcanna seo a leanas:

5 mharc Freagra ceart.

4 mharc Aon sciorradh nó míléamh amháin nó aonaid mhíchearta/ar iarraidh. [Feic 2ú *]

2 mharc: Botún amháin, nó dhá sciorradh, nó roinnt oibre lena ngabhann fiúntas. e.g. 14×8 nó $\frac{1}{2} \times 5$.

0 marc: Freagra mícheart gan aon obair ar taispeáint, úsáid bainte as foirmle imlíne/toirte, faoi réir oibre lena ngabhann fiúntas.

(a) (ii)	5 mharc	Iarr. (-)
<p>(ii) Achar réigiúin neamhscáthaithe = $0.5 \times 4 \times 5 = 10 \text{ cm}^2$</p> <p>Achar réigiúin scáthaithe = 102 cm^2</p> <p>* Glac le freagra ceart gan aon obair, lena n-áirítear freagra a scríobhtar ar léaráid.</p> <p>* I roinn (ii), glac le freagra atá comhsheasmhach le freagra an iarrthóra ar roinn (i).</p> <p>* Ná gearr pionós ar aonad in easnamh/mícheart ach amháin nuair a thugtar marcanna iomlána don fhreagra atá tugtha.</p>		

Ná tabhair ach na marcanna seo a leanas:

5 mharc Freagra ceart nó freagra comhsheasmhach in (a) (ii) (le hobair).

4 mharc Aon sciorradh nó míléamh amháin nó aonaid mhíchearta/ar iarraidh. [Feic 3ú *]


0 marc: Aon rud eile.

Déileáil leis mar bhotúin ar leithligh:

- Toise mícheart.
- Oibriocht mhícheart.

Is é atá sa sceitse ná cuid de bhalla atá le péinteáil.

Ag eatraimh chothroma 1.2 m feadh bhun an bhalla, déantar tomhais ingearacha go dtí an t-imeall éagothrom, mar a thaispeántar sa sceitse.



- (i) Bain úsáid as Rial Simpson chun achar na coda sin den bhalla a mheas.
- (ii) Cé mhéad lítear péinte a bheidh ag teastáil chun an chuid sin den bhalla a phéinteáil, má úsáidtear 1 lítear den phéint chun achar 2.2 m^2 den bhalla a phéinteáil? Bíodh do fhreagra ceart go dtí an lítear is gaire.

(b) (i) Úsáid foirmle

Ríomhaireachtaí

10 marc

5 mharc

Iarr. 3

Iarr. 2

$$\begin{aligned}
 \text{Achar} &\approx \frac{h}{3}(F + L + 2\sum O + 4\sum E) \\
 &= \frac{1.2}{3}[0 + 2 + 2(1.8 + 2.2) + 4(0.6 + 2.7 + 2.4)] \\
 &= 0.4[2 + 8 + 22.8] \\
 &= 0.4[32.8] \\
 &= 13.12 \text{ m}^2
 \end{aligned}$$

[10 marc]
[5 mharc]

- * Ceadaigh $\frac{h}{3} = (F + L + \text{TOFE})$ agus gearr pionós ar ríomhaireachtaí mura n-úsáidtear an foirmle i gceart.
- * Ná gearr pionós ar aonad in easnamh/mícheart ach amháin nuair a thugtar marcanna iomlána don fhreagra atá tugtha.

Ná tabhair ach na marcanna seo a leanas:

Ionadú:

10 marc Ionadú atá ceart go hiomlán.

3 mharc Aon obair lena ngabhall fiúntas e.g. ceann nó péire de: ($\frac{h}{3}$) nó (F agus L) nó (TOFE) ceart.

0 marc Aon rud eile.

Déileáil leis mar bhotúin ar leithligh:

- $\frac{h}{3}$ mícheart.
- F agus/nó L mícheart nó téarmaí breise in éineacht le F agus/nó L.
- TOFE mícheart nó TOFE fágtha ar lár.
- Úsáid na rialach Traipéasóidí. (Freagra = 12.84 m^2)

Ríomhaireachtaí:

- 5 mharc** Freagra mícheart nó freagra neamh-chomhsheasmhach (glac leis agus é gan obair má dhéantar ionadú).
- 4 mharc** Sciorradh maidir le ríomhaireachtaí, míléamh, aonaid mhíchearta/gan aonad.
- 2 mharc** TOFE atá fágtha ar lár nó botún maidir le ríomhaireachtaí, roinnt oibre lena ngabhall fiúntas.
- 0 marc** Freagra mícheart nó freagra neamh-chomhsheasmhach gan obair.

Tabhair faoi deara: I gcás nach dtaispeántar an obair ríomhaireachta.

I	II	III	(IV)
Gan Ionadú: Freagra: $13 \cdot 12 m^2$ (3 mharc + 2 mharc)	Ionadú (marc =*) Freagra: $13 \cdot 12 m^2 /$ comhsheasmhach (* marc + 5 mharc)	Ionadú (marc =*) Freagra: $13 \cdot 12 /$ comhsheasmhach (* marc + 4 mharc)	Ionadú (marc =*) Freagra :#/níl sé comhsheasmhach (* marc + 0 marc)

(b) (ii)

5 mharc

Iarr. 2

$$\text{Líon lítear} = \frac{13 \cdot 12}{2 \cdot 2} = 5 \cdot 9 \approx 6 \text{ lítear.}$$

* Glac le freagra ceart nó freagra comhsheasmhach gan obair.

Ná tabhair ach na marcanna seo a leanas:

- 5 mharc** Freagra ceart nó freagra comhsheasmhach.
- 4 mharc** Aon sciorradh nó míléamh amháin nó gan slánú.
- 2 mharc** Roinnt oibre lena ngabhall fiúntas.
- 0 marc** Freagra mícheart nó freagra neamh-chomhsheasmhach gan obair.

Cuid (c)


20 (10, 10) marc

Iarr. (3, 3)

Tá réad soladach i bhfoirm sorcóra agus foircinn leathsféaracha air, mar a thaispeántar.
Tá an sorcóir agus na leathsféir ar comhgha.

Is é an toirt atá i ngach leathsféar díobh ná $144\pi \text{ cm}^3$.

- (i) Faigh ga gach leathsféir díobh.
(ii) Is é toirt iomlán an réada ná $720\pi \text{ cm}^3$.
Faigh d , fad an réada.



(c) (i)
(c) (ii)

10 marc
10 marc

Iarr. 3
Iarr. 3

(c) (i)

$$\text{Toirt an leathsféir} = \frac{2}{3}\pi r^3 = 144\pi$$

$$r^3 = 216$$

$$r = 6 \text{ cm}$$

(c) (ii)

$$\text{Toirt an tsorcóra} = 720\pi - 288\pi = 432\pi$$

$$\pi r^2 h = 432\pi$$

$$36h = 432$$

$$h = 12 \text{ cm}$$

$$\text{Fad } d = 12 + 6 + 6 = 24 \text{ cm}$$

(c) (ii)

$$\text{Toirt} = \frac{2}{3}\pi r^3 + \pi r^2 h + \frac{2}{3}\pi r^3$$

$$\Rightarrow 720\pi = \frac{2}{3}\pi 6^3 + \pi(6)^2 h + \frac{2}{3}\pi 6^3$$

$$\Rightarrow 720\pi = \frac{2}{3}(216)\pi + 36\pi h + \frac{2}{3}(216)\pi$$

$$\Rightarrow 720\pi = 144\pi + 36h\pi + 144\pi$$

$$\Rightarrow 720\pi - 288\pi = 36h\pi$$

$$\Rightarrow 36h = 432$$

$$\Rightarrow h = 12 \text{ cm}$$

$$\text{Fad } d = 12 + 6 + 6 = 24 \text{ cm}$$

* I roinn (ii), glac le freagra atá comhsheasmhach le freagra an iarrthóra ar roinn (i).

* Ná gearr pionós ar aonad in easnamh/mícheart ach amháin nuair a thugtar marcanna iomlána don fhreagra atá tugtha.

Ná tabhair ach na marcanna seo a leanas:

10 marc Freagra atá ceart nó comhsheasmhach go hiomlán.

9 marc Aon sciorradh, míléamh nó gan aonaid. [feic *thuas]

7 marc Botún amháin, nó botún amháin agus sciorradh amháin, nó dhá sciorradh, $r = 72(\frac{21}{3})$ le hobair.

4 mharc Dhá bhotún, nó botún amháin agus dhá sciorradh.

3 mharc Roinnt oibre lena ngabhall fiúntas.

0 marc Freagra mícheart nó freagra neamh-chomhsheasmhach gan obair.

Déileáil leis mar bhotúin ar leithligh:

- cothromóid mhícheart sféir in (i), e.g. toirt sféir = 144π
- toirt mhícheart fhoirmle an sféir agus leanann ar aghaidh in (i). e.g. $k(\pi r^3)$, $k \neq \frac{4}{3}$ nó $\frac{2}{3}$
- earráid maidir le trasuíomh
- úsáid mhícheart as $\sqrt[3]{}$

- $\pi r^2 h = 720\pi$ i roinn (ii) agus leanann ar aghaidh.

Iarrachtaí (3 mharc)

- Roinnt oibre lena ngabhann fiúntas e.g. déantar cothromóid nó ionadaítear r isteach i bhfoirmle ábhartha toirte (c)(ii).
- Foirmle cheart mar aon le haon ionadú atá ceart.
- Freagra ceart gan aon obair i ngach roinn.
- $\pi r^2 h = K \pi$ agus leanann ar aghaidh.

Gan fiúntas (0 marc)

- Úsáid bainte as aon fhoirmle achair, e.g. $4\pi r^2$, $2\pi r h$, $\frac{4}{3}\pi r^2$
- Úsáidtear foirmle neamhsféis in (i), faoi réir oibre lena ngabhann fiúntas.
- Úsáidtear foirmle neamhshorcóra in (ii), faoi réir oibre lena ngabhann fiúntas.

CEIST 2

Cuid (a)	10 marc	Iarr. 3
Cuid (b)	20 (5, 5, 5) mharc	Iarr. (2, -, 2, 2)
Cuid (c)	20 (10, 10) marc	Iarr. (3, -)

Cuir an méid seo a leanas i bhfeidhm i ngach roinn de cheist 2 agus de cheist 3.

Mura scríobhtar an fhoirmle cheart, botún ar a laghad is ea aon earráid maidir le comharthaí nó ionadú.

Botúin (-3)

B_a Dhá ionadú mhíchearta nó níos mó.

B_b Malartaítear x agus y le linn ionadú a dhéanamh nó déileáiltear le péire cúplaí (x_1, x_2) agus (y_1, y_2).

B_c Earráid sa chomhartha lárnach i bhfoirmle.

Sciorrhái (-1)

S_a Comhartha neamhlárnach mícheart amháin.

S_b Ionadú mícheart amháin isteach san fhoirmle.

S_c Míléamh soiléir maidir le comhordanáid amháin.

Iarrachtaí

A_a Scríobhtar an fhoirmle cheart ábhartha agus stopann sé nó sí. [Mura dtras-scriobhtar ó tháblaí]

A_b Scríobhtar comhordanáidí pointe ábhartha agus sainaithnítear x_1 agus y_1 .

A_c Ionadú ceart isteach san fhoirmle ábhartha agus stopann sé nó sí.

Gan fiúntas (0 marc)

W_a Tras-scriobhtar foirmle cheart ó tháblaí agus stopann sé nó sí.

Cuid (a)	10 marc	Iarr. 3
Fíoraigh go bhfuil an pointe (2, -4) ar an líne $3x - y = 10$.		

(a)	10 marc	Iarr. 3
nó	$3x - y = 10 \Rightarrow 3(2) - (-4) = 1 \downarrow_{7,marc} 0 \Rightarrow 6 + 4 = 10 \downarrow_{9,marc} \Rightarrow 10 = 10$ nó “pointe ar líne”. [Uaidh sin, tá (2, -4) ar an líne]. Féadfar $x = 2$ a ionadú chun $y = -4$ a fháil nó <i>vice versa</i> .	

Botúin (-3)

B1 Déantar ionadú, ach ní chríochnaítear an obair chun teacht ar LHS = RHS.

Sciorrhái (-1)

S1 Níl aon chonclúid ann má tá L.H.S \neq R.H.S.

Iarrachtaí (3 mharc)

A1 Déantar iarracht áirithe maidir le hionadú nó roinnt oibre cirte maidir leis an gcothromóid e.g.
 $3x - y - 10 = 0$

A2 Breactar (2, -4) don roinn seo.

Cuid (b)	20 (5, 5, 5, 5) mharc	Iarr. (2, -, 2, 2)
<p>Trí phointe iad $P(2, 8)$, $Q(4, -1)$ agus $R(6, 0)$.</p> <p>(i) Faigh fána PR.</p> <p>(ii) Taispeán go bhfuil PR ingearach le RQ.</p> <p>(iii) Faigh cothromóid RQ.</p> <p>(iv) Faigh comhordanáidí an phointe ag a dtrasnaíonn RQ an y-ais.</p>		

(b) (i)	5 mharc	Iarr. 2
$\text{Fána } PR = \frac{y_2 - y_1}{x_2 - x_1} = \frac{0 - 8}{6 - 2} \downarrow_{2\text{mharc}} = \frac{-8}{4} \text{ nó } -2$		
* Glac le freagraí comhsheasmhacha sa roinn seo agus i ranna ina dhiaidh seo.		

(b) (ii)	5 mharc	Iarr. (-)
$\text{Fána } RQ = \frac{y_2 - y_1}{x_2 - x_1} = \frac{0 + 1}{6 - 4} \downarrow_{2\text{mharc}} = \frac{1}{2}$ $m_{PR} \times m_{RQ} = -2 \times \frac{1}{2} = -1$ <p>[\Rightarrow Tá PR ingearach le RQ]</p>	<p>Ag úsáid Pythagoras:</p> $ PQ ^2 = PR ^2 + RQ ^2$ <p>i.e. $\sqrt{85} = \sqrt{80} + \sqrt{5}$</p> <p>[\Rightarrow Tá PR ingearach le RQ]</p>	

Ná tabhair ach na marcanna seo a leanas: [Roinn (b) (ii)]

5 mharc Freagra ceart nó comhsheasmhach (le hobair).

4 mharc Míléamh nó sciorradh soiléir amháin nach róshimplíonn.

0 marc Aon rud eile.

Tabhair faoi deara: Ag teastáil do lánmharcanna, ceann diobh seo:

- $-2 \times \frac{1}{2} = -1$
- $m_{PR} \times m_{RQ} = -1$
- Ráiteas nó téacs a bhfuil comhartha agus inbhéarta san áireamh ann.

(b) (iii)	5 mharc	Iarr. 2
$\text{Fána } RQ = \frac{1}{2} \text{ & pointe } (6, 0)$ $y - y_1 = m(x - x_1)$ $y - 0 = \frac{1}{2}(x - 6) \text{ nó } x - 2y - 6 = 0.$		

* Glac le fána iarrthóra ó (b) (ii)

(b) (iv)	5 mharc	Iarr. 2
<p>Réiteach ar chothromóid RQ: $x - 2y - 6 = 0$ agus is ionann cothromóid y-ais agus $x = 0$, tugtar $0 - 2y - 6 = 0 \Rightarrow y = -3$ [\Rightarrow pointe = $(0, -3)$]</p>		

Ná tabhair ach na marcanna seo a leanas: [Roinn (b) (i), (b) (iii), (b) (iv)]

5 mharc Freagra atá ceart nó comhsheasmhach go hiomlán.

4 mharc Sciorradh amháin.

2 mharc Botún amháin, nó botún amháin agus sciorradh amháin, nó dhá sciorradh nó aon oibre lena ngabhall fiúntas

0 marc Freagra mícheart nó freagra neamh-chomhsheasmhach gan obair.

Déileáil leis mar bhotúin ar leithligh

- Earráid mhatamaiticiúil. Foirmle mhícheart ábhartha le hionadú agus leanann ar aghaidh e.g. $\frac{x_2 - x_1}{y_2 - y_1}$.
- Ní chríochnaítear i gceart e.g. fána = $\frac{0 - 8}{6 - 2}$.
- Faightear idirlíne ar an y -ais, i.e. (6, 0) (gan obair).

Miléamh (-1)

- Faightear fána PQ .

Sciorrháí (-1)


- Gan chonclúid nó conclúid mhícheart.

Iarrachtaí (2 mharc)

- Iarracht ar roinnt ionadú ceart.
- Roinnt obair lena ngabhann fiúntas e.g. scríobhtar $x = 0$ agus stopann.
- Freagra ceart gan obair, [baineann sé le roinn (b) (i), (b) (ii), (b) (iv)].
- Breactar pointe ceart/pointí cearta in aghaidh na roinne [seachas (b) (ii)].

Gan fiúntas (0 marc)

- Foirmle neamhábhartha, fiú amháin má ionadaítear ach faoi réir A_b .
- Scríobhtar $y = 0$ agus stopann.



Cuid (c)**20 (10, 10) marc****Iarr. (3, -)**

Trí phointe iad $A(-1, -6)$, $B(6, 8)$ agus $C(2, 5)$.

(i) Faigh achar an triantáin ABC .

(ii) Faigh comhordanáidí dhá phointe fhéideartha D ar an x -ais a d'fhágfadh go bhfuil achar an triantáin ABD = achar an triantáin ABC .

(c) (i)**10 marc****Iarr. 3**

$$A(-1, -6), \quad B(6, 8), \quad C(2, 5) \\ (0, 0), \quad (7, 14), \quad (3, 11)$$

$$\text{Achar} = \frac{1}{2} |x_1y_2 - x_2y_1| = \frac{1}{2} |7(11) - (3)(14)| \downarrow_{4\text{mharc}} = \frac{1}{2} |77 - 42| \downarrow_{7\text{marc}} = \frac{1}{2} |35| \downarrow_{7\text{marc}} = 17.5.$$

nó

$$\begin{aligned} \text{Achar} &= \frac{1}{2} [x_1(y_2 - y_3) + x_2(y_3 - y_1) + x_3(y_1 - y_2)] \\ &= \frac{1}{2} |-1(8-5) + 6(5+6) + (2)(-6-8)| \downarrow_{4\text{mharc}} = \frac{1}{2} |-3 + 66 - 28| \downarrow_{7\text{marc}} = \frac{1}{2} |35| \downarrow_{7\text{marc}} \\ &= 17.5 \end{aligned}$$

nó

$$\begin{aligned} \text{Achar} &= \frac{1}{2} [x_1y_2 + x_2y_3 + x_3y_1 - x_1y_3 - x_3y_2 - x_2y_1] \\ &= \frac{1}{2} |-1(8) + 6(5) + 2(-6) - (-1)5 - (2)8 - 6(-6)| \downarrow_{4\text{mharc}} \\ &= \frac{1}{2} |-8 + 30 - 12 + 5 - 16 + 36| \downarrow_{7\text{marc}} = 17.5 \end{aligned}$$

* $\frac{1}{2} |-35| =$ ní ghearrtar pionós i leith -17.5 .

Botúin (-3)

B1 Foirmle mhícheart ábhartha agus leantar ar aghaidh e.g. $\frac{1}{2} |x_1y_2 + x_2y_1|$ nó fágtaír $\frac{1}{2}$ ar láir.

B2 Aistriúchán mícheart nó gan aistriúchán.

Iarrachtaí (3 mharc)

A1 Úsáidtear foirmle an fhaid nó foirmle an fhaid ingearaigh.

A2 Breactar pointe amháin nó níos mó ar léaráid scálaithe.

A3 Freagra ceart gan obair.

Gan fiúntas (0 marc)

W1 Foirmle neamhábhartha agus stopann sé e.g. $\frac{1}{2}$ leis féin.

(c) (ii)**10 marc****Iarr. -**

$$A(-1, -6), \quad B(6, 8), \quad D(k, 0) \\ (0, 0), \quad (7, 14), \quad (k+1, 6)$$

$$\text{Achar} = \frac{1}{2} |x_1y_2 - x_2y_1| = \frac{1}{2} |7(6) - (k+1)(14)| \downarrow_{4\text{mharc}} = \frac{1}{2} |42 - 14k - 14|$$

$$\Rightarrow \frac{1}{2} |28 - 14k| = 17.5 \downarrow_{7\text{marc}} \Rightarrow |28 - 14k| = 35$$

$$\Rightarrow 28 - 14k = 35 \quad \text{nó} \quad 28 - 14k = -35$$

$$k = -\frac{1}{2} \quad \text{nó} \quad k = \frac{63}{14} \quad \text{nó} \quad k = \frac{9}{2} \downarrow_{10\text{marc}}$$

$$[Pt = \left(-\frac{1}{2}, 0 \right) \quad \text{agus} \quad Pt = \left(\frac{9}{2}, 0 \right)]$$

Ná tabhair ach na marcanna seo a leanas:

- 10 marc** Freagra atá ceart nó comhsheasmhach go hiomlán.
9 marc Míléamh, sciorradh amháin soiléir.
7 marc Obair lena ngabhall fiúntas.
0 marc Gan obair lena ngabhall fiúntas.

Botúin (-3)


- B1 Foirmle mhícheart ábhartha agus leantar ar aghaidh e.g. $\frac{1}{2}|x_1y_2 + x_2y_1|$ nó fágtaí $\frac{1}{2}$ ar láir.
B2 Aistriúchán mícheart.
B3 Spíontar pointí ar y -ais i.e. $(0, k)$ le hobair.
B4 Ní fhaightear ach pointe amháin.

Tabhair 7 marc.

- Ionadú ceart éigin isteach i bhfoirmle ábhartha agus stopann.
- Breactar pointe amháin nó níos mó ar léaráid scálaithe.
- Roinnt oibre lena ngabhall fiúntas i bhfoirmiú cothromóide e.g. scríobhtar $y = 0$ nó tástáiltear pointe treallach ar an x -ais.
- Freagra ceart gan obair.

Gan fiúntas (0 marc)

- W1 Foirmle neamhábhartha agus stopann sé e.g. $\frac{1}{2}$ leis féin.



CEIST 3

Cuid (a)	10 (5, 5) marc	Iarr. (2, 2)
Cuid (b)	20 (5, 5, 5) mharc	Iarr. (2, 2, 2, 2)
Cuid (c)	20 (5, 5, 10) marc	Iarr. (2, 2, -)

Cuid (a)	10 (5, 5) marc	Iarr. (2, 2)
-----------------	-----------------------	---------------------

Is cothromóid ciorcail é $x^2 + y^2 = 81$.

- (i) Scríobh síos comhordanáidí lárphointe an chiorcail.
- (ii) Faigh ga an chiorcail.

(a) (i)	5 mharc	Iarr. 2
(a) (ii)	5 mharc	Iarr. 2

(i) Lár = $(0, 0)$

(ii) Ga $\sqrt{81} = 9$

* Tugtar aon earráid seachas sciorradh soiléir an marc iarrachta ar a mhéad.

* Glac le freagra ceart gan obair.

Iarrachtaí (2 mharc)

A1 Aon obair lena ngabhann fiúntas e.g. tarraingítear ciocal ag an mbunphointe.

A2 Ga $= \sqrt{81}$.

A3 Déantar iarracht ar phointe atá ar an gciocal a shainaithe.

A4 Aon lua ar $x = 0$ nó $y = 0$ nó $x^2 + y^2 = r^2$.

Cuid (b)	20 (5, 5, 5, 5) mharc	Iarr. (2, 2, 2, 2)
-----------------	------------------------------	---------------------------

Is é $(x - 3)^2 + (y + 1)^2 = 17$ cothromóid an chiorcail c .

- (i) Fíoraigh go bhfuil an pointe $(7, -2)$ ar c .
- (ii) Marcáil lárphointe c agus tarraing c ar léaráid chomhordanáideach.
- (iii) Bain úsáid as an ailgéabar chun comhordanáidí an dá phointe ag a dtrasnaíonn c an x -ais a fháil.

(b) (i)	5 mharc	Iarr. 2
$(x-3)^2 + (y+1)^2 = 17$ $\Rightarrow (7-3)^2 + (-2+1)^2 = 17$ $\Rightarrow (4)^2 + (-1)^2 = 17$ $\Rightarrow 16+1=17$ $\Rightarrow 17=17 \quad [\text{Dá bhrí sin is } \in c(7, -2)]$	Is ionann lár c agus $(3, -1)$ $Ga = \sqrt{(7-3)^2 + (-2+1)^2} = \sqrt{17}$ $[\text{Dá bhrí sin is } \in c(7, -2)]$	

* Tugtar aon earráid seachas sciorradh soiléir an marc iarrachta ar a mhéad.

* Glac le ráiteas “Is ionann fad ó $(7, -2)$ go $(3, -1)$ agus $\sqrt{17}$, is é sin an ga”

Ná tabhair ach na marcanna seo a leanas:

5 mharc Freagra ceart nó freagra comhsheasmhach.

4 mharc Sciorradh amháin.

2 mharc Roinnt oibre lena ngabhann fiúntas.

0 marc Freagra mícheart nó freagra neamh-chomhsheasmhach gan obair.

Sciorrhaí (-1)

- Conclúid mhícheart nó conclúid a fágadh ar lár.


Iarrachtaí (2 mharc)

- Aon obair lena ngabhann fiúntas e.g. $x_1 = 7$.
- Ciorcal agus lár $(3, -1)$ tarraingthe.
- Luaitear gá $= \sqrt{17}$.
- Luaitear lárphointe $= (3, -1)$.

(b) (ii)

5 mharc

Iarr. 2



- * Glac le léaráid de chiorcal a scríobhtar de láimh, léaráid ina bhfuil lár c marcáilte i gceart agus go soiléir, agus í tarraingthe go réasúnta ar léaráid chomhordanáide. [Caithfidh sé síneadh isteach i ngach ceathrú ciorcail agus $(7, -2)$ a bheith san áireamh].
- * Ní mór scálaí bheith léirithe nó curtha in iúl le haghaidh marcanna ionmlána.

Botúin (-3)

- Úsáidtear lárphointe seachas $(3, -1)$.
- Léirítear lár ceart ach ní tharraingítear aon chiorcal.
- Tá scálaí go míréasúnta neamh-chomhsheasmhach. (de réir mar a fheictear).
- Scálaí éagsúla ar aiseanna x agus y (de réir mar a fheictear).
- Tarraingítear x -ais ingearach agus y -ais cothrománach.

Iarrachtaí (2 mharc)

- Tarraingítear aiseanna scálaithe agus stopann.
- Breactar pointe ceart amháin agus stopann e.g. $(7, -2)$.

b (iii) Foirmiú Cuadrataigh Ag Réiteach Cuadrataigh	5 mharc 5 mharc	Iarr. 2 Iarr. 2
$x - \text{ais} \Rightarrow y = 0$ $y = 0 \cap (x-3)^2 + (y+1)^2 = 17$ $(x-3)^2 + (0+1)^2 = 17$ $x^2 - 6x - 7 = 0$ [5 mharc] $(x-7)(x+1) = 0$ $x = 7 \text{ agus } x = -1$ [5 mharc] $\Rightarrow \text{Pointí } (7,0) \text{ agus } (-1,0)$	$x - \text{ais} \Rightarrow y = 0$ $y = 0 \cap (x-3)^2 + (y+1)^2 = 17$ $(x-3)^2 + (0+1)^2 = 17$ $(x-3)^2 = 16$ [5 mharc] $x-3 = \pm 4$ $\Rightarrow x = 7 \text{ agus } x = -1$ [5 mharc] $\Rightarrow Pts \ (7,0) \text{ agus } (-1,0)$	

* Mura bhfuil aon chothromóid sa chéad chuid → marc ar bith sa dara páirt. (Faoi réir A3)

Botúin (-3)

- B1 Faigtear comhordanáidí na bpointí ar a ngearrann c an y -ais.
 B2 Botún maidir leis an bhfoirmle chuadratach a chur i bhfeidhm.
 B3 Earráid mhatamaiticiúil.

Sciorrháí (-1)

- S1 Sciorrháí uimhriúla suas go huasmhéid 3.


Iarrachtaí (2 mharc)

- A1 Aon obair lena ngabhann fiúntas.
 A2 Ionadú ceart $y = 0$ isteach i gcothromóid c .
 A3 Réiteach grafach nó an freagra ceart gan obair. [Dá dtugtar Iarr. (2 + 2)]
 A4 $y = 0$ agus stopann.

Is iad na pointí $A(-1, 2)$, $B(-3, -4)$, $C(3, -6)$ agus $D(5, 0)$ na stuaiceanna ar chearnóg.

Tadhlaithe leis an gciорcal s is ea sleasa na cearnóige, mar a thaispeántar.

- (i) Faigh comhordanáidí lárphointe s .
- (ii) Faigh cothromóid s .
- (iii) Is é an ciорcal $(x + 4)^2 + y^2 = 10$ íomhá s faoin aistriú $(p, q) \rightarrow (6, 5)$.
Faigh luach p agus luach q .



(c) (i)


5 mharc

Iarr. 2

*Lár = lárphointe an trasnáin $[AC]$	**Lár = lárphointe $[EF]$
$\left(\frac{-1+3}{2}, \frac{2-6}{2}\right) = \left(\frac{2}{2}, \frac{-4}{2}\right) = (1, -2)$	$\left(\frac{2+0}{2}, \frac{1-5}{2}\right) = \left(\frac{2}{2}, \frac{-4}{2}\right) = (1, -2)$
Lár = lárphointe an trasnáin $[BD]$	Lár = lárphointe $[GH]$
$\left(\frac{-3+5}{2}, \frac{-4-0}{2}\right) = \left(\frac{2}{2}, \frac{-4}{2}\right) = (1, -2)$	$\left(\frac{-2+4}{2}, \frac{-1-3}{2}\right) = \left(\frac{2}{2}, \frac{-4}{2}\right) = (1, -2)$

*** Modh Aistriúcháin.

$$(-1, 2) \rightarrow (3, -6) \Rightarrow t = (4, -8) \quad \frac{1}{2}t \Rightarrow t_{nua} = (2, -4) \text{ Cuir i bhfeidhmar } (-1, 2) \rightarrow (1, -2)$$



* Tugtar d'aon earráid seachas sciorradh soiléir marcanna iarrachta ar a mhéad.

Ná tabhair ach na marcanna seo a leanas:

- 5 mharc** Freagra atá ceart nó comhsheasmhach go hiomlán.
- 4 mharc** Sciorradh amháin.
- 2 mharc** Botún amháin nó botún amháin + 1 sciorradh nó 2 sciorradh nó aon oibre lena ngabhann fiúntas.
- 0 marc** Freagra mícheart nó freagra neamh-chomhsheasmhach gan obair.

Déileáil leis mar bhotúin ar leithligh:

- Earráid mhatamaiticiúil.
- Úsáidtear pointe mícheart deiridh chun lár a fháil.

Iarrachtaí (2 mharc)

- Aon obair lena ngabhann fiúntas, e.g. breactar pointe i gceart.
- Réiteach grafach dá dtugtar $(1, -2)$.
- Freagra ceart gan obair.

(c) (ii)	5 mharc	Iarr. 2
$Ga = \frac{1}{2}[AB]$	$Ga = \text{fad ó } (1, -2) \text{ go } E(2, 1)$	
$\begin{aligned} \frac{1}{2} \sqrt{(-1+3)^2 + (2+4)^2} &= \frac{1}{2} \sqrt{(2)^2 + (6)^2} \\ &= \frac{1}{2} \sqrt{40} = \sqrt{10} \end{aligned}$	$\sqrt{(2-1)^2 + [1-(-2)]^2} = \sqrt{(1)^2 + (3)^2} = \sqrt{10}$	
$Ga = \frac{1}{2}[AD]$	$Ga = \text{fad ó } (1, -2) \text{ go } F(0, -5)$	
$\begin{aligned} \frac{1}{2} \sqrt{[5-(-1)]^2 + (0-2)^2} &= \frac{1}{2} \sqrt{(6)^2 + (-2)^2} \\ &= \frac{1}{2} \sqrt{40} = \sqrt{10} \end{aligned}$	$\sqrt{(0-1)^2 + [-5-(-2)]^2} = \sqrt{(-1)^2 + (-3)^2} = \sqrt{10}$	
$Ga = \frac{1}{2}[DC]$	$Ga = \text{fad ó } (1, -2) \text{ go } G(-2, -1)$	
$\begin{aligned} \frac{1}{2} \sqrt{(3-5)^2 + (-6-0)^2} &= \frac{1}{2} \sqrt{(-2)^2 + (-6)^2} \\ &= \frac{1}{2} \sqrt{40} = \sqrt{10} \end{aligned}$	$\sqrt{(-2-1)^2 + [-1-(-2)]^2} = \sqrt{(-3)^2 + (1)^2} = \sqrt{10}$	
$Ga = \frac{1}{2}[BC]$	$Ga = \text{fad ó } (1, -2) \text{ go } H(4, -3)$	
$\begin{aligned} \frac{1}{2} \sqrt{[3-(-3)]^2 + [-6-(-4)]^2} &= \frac{1}{2} \sqrt{(6)^2 + (-2)^2} \\ &= \frac{1}{2} \sqrt{40} = \sqrt{10} \end{aligned}$	$\sqrt{(4-1)^2 + [-3-(-2)]^2} = \sqrt{(3)^2 + (-1)^2} = \sqrt{10}$	
$\text{Cothromóid } s : (x-1)^2 + (y+2)^2 = 10$		

- * Glac le freagra atá comhsheasmhach le hobair an iarrthóra i (i).
- * D'fhéadfaí úsáid a bhaint as fad ingearach ó líne go pointe.

Ná tabhair ach na marcanna seo a leanas:

- 5 mharc** Freagra atá ceart nó comhsheasmhach go hiomlán.
- 4 mharc** Sciorradh amháin.
- 2 mharc** Botún amháin nó botún amháin + 1 sciorradh nó 2 sciorradh nó aon oibre lena ngabhann fiúntas.
- 0 marc** Freagra mícheart nó freagra neamh-chomhsheasmhach gan obair.

Déileáil leis mar bhotúin ar leithligh:

- Earráid mhatamaiticiúil. e.g. míláimhseáiltear fréamh chearnach
- $Ga = \frac{1}{2}|BD|$ nó $\frac{1}{2}|AC|$.
- Theip air r^2 a fháil
- $(x - 1)^2 + (y + 2)^2 = \sqrt{10}$
- $(x - 1)^2 + (y + 2)^2 = r^2$

Iarrachtaí (2 mharc)

- Aon obair lena ngabhall fiúntas, e.g. léirítear ga ceart ar léaráid.
- Baintear úsáid as ga treallach agus leanann ar aghaidh.
- Obair chun cothromóid aon cheann de na ceithre thaobh den chearnóg atá tugtha a fháil.
- Úsáid bainte as foirmle faid ingearaigh mar aon le haon ionadú atá ceart.
- Breactar ceann amháin nó níos mó de phointí A, B, C agus D .
- Freagra ceart gan obair. (Má oibrítear ó aistriúchán, caithfidh an t-iarrthóir sin a léiriú.)

(c) (iii)	10 marc	Iarr. (-)
<p>Lár na híomhá = $(-4, 0)$ $(1, -2) \rightarrow (-4, 0) \Rightarrow$ bogann x-comhordanáid síos 5, bogann y-comhordanáid suas 2 $(p, q) \rightarrow (6, 5)$ $p = 11$ agus $q = 3$</p>		

* Glac le freagra atá comhsheasmhach le hobair roimhe sin an iarrthóra.

Ná tabhair ach na marcanna seo a leanas:

- 10 marc** Freagra atá ceart nó comhsheasmhach go hiomlán.
9 marc Míléamh, sciorradh amháin soiléir.
7 marc Obair lena ngabhall fiúntas.
0 marc Gan obair lena ngabhall fiúntas.

Botúin (-3)

- B1 Aistriúchán mícheart a úsáidtear leis an dá chiorcal.
B2 Earráid in úsáid an aistriúcháin chirt. Tabhair faoi deara S1.
B3 Lár mícheart íomhá agus leanann ar aghaidh.

Sciorrháí (-1)

- S1 Comhordanáid cheart amháin agus comhordanáid mhícheart amháin tar éis aistriúchán ceart a úsáid.

Tabhair 7 marc:

- Aon obair lena ngabhall fiúntas e.g. léirítear lár s (sa roinn seo).
- Faightear lár íomhá s .
- Freagra ceart gan obair.
- Ní úsáidtear an dá chiorcal.

Gan fiúntas (0 marc)

- W1 Ionadaítear $(6, 5)$ isteach i gcothromóid ceachtar ciorcail agus ní dhéantar aon dul chun cinn.

CEIST 4


Cuid (a)	10 (5, 5) marc	Iarr. (2, 2)
Cuid (b)	20 marc	Iarr. 7
Cuid (c)	20 (5, 5, 5, 5) marc	Iarr. (2, 2, 2, 2)

Cuid (a)	10 (5, 5) marc	Iarr. (2, 2)
-----------------	-----------------------	---------------------

Sa léaráid, gabhann an líne l an pointe A agus tá sí comhthreomhar le BC .

(i) Faigh x .

(ii) Faigh y .



(a) (i)	5 mharc	Iarr. 2
(a) (ii)	5 mharc	Iarr. 2

(i) $x = 42^\circ$

(ii) $y + 42^\circ + 76^\circ = 180^\circ \Rightarrow y = 180^\circ - 118^\circ = 62^\circ$

* Glac le freagraí cearta gan aon obair nó glac le freagra a léirítear go soiléir ar léaráid.

* Glac le freagraí in aon ord, bunaithe ar obair a chuirtear i láthair.

Botúin (-3)

B1 Earráid mhatamaiticiúil in a (ii).

B2 Toradh mícheart geoiméadrach. e.g. \sum uilleanacha $\neq 180^\circ$ nó uillinn dhronlíneach $\neq 180^\circ$

Sciorrháí (-1)

S1 Gach sciorradh uimhriúil suas go huasmhéid 3.

Iarrachtaí (2 mharc)

A1 Oibríonn sé go $180^\circ - 42^\circ = 138^\circ$ nó a leithéid agus stopann sé.

A2 Nótáiltear uillinn ailtéarnach y° agus stopann.

A3 Roinnt oibre lena ngabhann fiúntas e.g. \sum uilleanacha $= 180^\circ$ agua stopann nó aon lua ar 180° .

A4 Aon tagairt “d'uillinneacha comhfheagracha” nó “uillinneacha ailtéarnacha”.

Gan fiúntas (0 marc)

W1 Freagra mícheart gan aon obair ar taispeáint.

Cuid (b)

20 marc

Iarr 7


Cruthaigh go bhfuil fad aon dá shlios ar thriantán níos mó ná fad an tríú shlios.

(b)

20 marc

Iarr 7

Chun an méid seo a leanas a chruthú $|BC| + |AC| > |AB|$



Tógáil: Tairg BC go D le go bhfaighfear $|CD| = |AC|$. Ceangail A le $D \downarrow_{7 \text{ marc}}$

Cruthúnas: In ΔACD , $|AC| = |CD| \Rightarrow \angle DAC = \angle CDA$...is triantán comhchosach é $ACD \downarrow_{10 \text{ marc}}$
 $|\angle DAC| + |\angle CAB| > |\angle CDA| \downarrow_{13 \text{ marc}}$

$\Rightarrow |BD| > |AB|$ taobh atá os comhair na huillinne is mó $\downarrow_{16 \text{ marc}}$

Ach $|BD| = |BC| + |CD|$

Mar sin, $|BC| + |CD| > |AB| \downarrow_{19 \text{ marc}}$

Mar sin, $|BC| + |AC| > |AB| \downarrow_{20 \text{ marc}}$

- * Más rud é nach bhfuil an obair a chuirtear i láthair gan fiúntas, ní mór Iarr. 7 ar a laghad a thabhairt.
- * Tuilleann cruthúnas gan léaráid Iarr. 7, más féidir cruthúnas iomlán a chomhréiteach le léaráid.
- * Tuilleann léaráid cheart ina bhfuil na huillinneacha agus taobhanna ábhartha léirithe i gceart 10 marc.

Botúin (-3)

- B1 Gach céim fágtha ar lár, mícheart nó neamhionnlán (seachas an ceann deireanach).
B2 Scríobhtar na céimeanna in ord míloighciúil. [Ná pionónaigh ach uair amháin.]

Iarrachtaí (7 marc)

- A1 Imlínítear léaráid de thriantán gan aon eolas ábhartha breise.
A2 Aon obair lena ngabhann fiúntas, e.g. an taobh is faide os comhair na huillinne is mó in aon triantán.
A3 Iarracht ar chruthúnas trí úsáid a bhaint as cás speisialta. [Léaráid le taobhanna a thomhaistear.]


Gan fiúntas (0 marc)

- W1 Aon teoirim neamhábhartha, faoi réir an mhairc i leith iarrachta.
W2 Triantán amháin.

Cuid (c)**20 (5, 5, 5, 5) mharc****Iarr. (2, 2, 2, 2)**

Is é an triantán ORS íomhá an triantáin OPQ faoi mhéadú ar lárphointe dó O .

Tá $|OQ| = 6$, $|QS| = 9$ agus $|RS| = 6$.



- (i) Faigh fachtóir scála an mhéadaithe.
- (ii) Faigh $|PQ|$.
- (iii) Agus tú ag glacadh le $7 \cdot 2$ aonad cearnach mar achar an triantáin OPQ , faigh achar an triantáin ORS .
- (iv) Faigh achar an cheathairshleasáin $PRSQ$.

(c) (i)**5 mharc****Iarr. 2**

$$\text{Fachtóir scála} = \frac{6+9}{6} = \frac{15}{6} \text{ nó } 2.5 \text{ nó a leithéid}$$

* Glac le freagra ceart gan aon obair ar taispeáint.

Botúin (-3)

B1 Cóimheas mícheart nuair atá fachtóir scála á fháil.

B2 Fachtóir scála mar $1 \cdot 5$ i.e. $\frac{9}{6}$

B3 Earráid mhatamaiticiúil e.g. cealaítear 6anna go mícheart, rud a fhágann go bhfaightear $k = 9$ nó 10.

Iarrachtaí (2 mharc)

A1 Aon obair le cóimheas $|OQ| : |OS|$.

A2 Roinnt oibre lena ngabhann fiúntas e.g. $6 + 9$.

(c) (ii)**5 mharc****Iarr. 2**

$$|PQ| = \frac{6}{2.5} = 2.4 \quad \text{nó} \quad \frac{|SR|}{|PQ|} = \frac{|OS|}{|OQ|} \Rightarrow \frac{|6|}{|PQ|} = \frac{15}{6} \Rightarrow |PQ| = \frac{36}{15} = 2.4$$

* Glac le freagra atá comhsheasmhach le hobair roimhe sin an iarrthóra.

Botúin (-3)

B1 Fachtóir scála atá mícheart nó neamh-chomhsheasmhach.

B2 Cóimheas mícheart.

B3 Earráid mhatamaiticiúil.

Iarrachtaí (2 mharc)

A1 Aon obair lena ngabhann fiúntas, e.g. scríobhtar $|OP| : |OR|$.

A2 Freagra ceart gan obair.

(c) (iii)	5 mharc	Iarr. 2
Achar triantán $ORS = (2 \cdot 5)^2 \times 7 \cdot 2 = 45$		

* Glac le freagra atá comhsheasmhach le hobair roimhe sin an iarrthóra.

Botúin (-3)

- B1 Toradh mícheart geoiméadrach e.g. achar = $k(7 \cdot 2)$ nó $k * (7 \cdot 2)$ i gcás * ≠ iolrú.
 B2 Botún matamaiticiúil, e.g. $(2 \cdot 5)^2 = 5$.

Iarrachtaí (2 mharc)

- A1 Roinnt ionadaithe i bhfoirmle cheart.
 A2 Roinnt oibre lena ngabhann fiúntas. Oibrítear le k^2 agus stopann.
 A3 Freagra ceart gan obair.
 A4 Déileáiltear le triantán mar go mbeadh triantán dronuilleach nó oibrítear foirmle achair.
 (Achar = $\frac{1}{2}(6)(15) = 45$).

(c) (iv)	5 mharc	Iarr 2
Achar cheathairshleasán $PRSQ = 45 - 7 \cdot 2 = 37 \cdot 8$		

* Glac le freagra atá comhsheasmhach le hobair roimhe sin an iarrthóra.

Botúin (-3)

- B1 Fágtar mar $45 - 7 \cdot 2$.

Iarrachtaí (2 mharc)

- A1 Aon obair lena ngabhann fiúntas, e.g. luaitear achar = difríocht an dá thriantán.

Gan fiúntas (0 marc)


- W1 Achar = 9×6 .

CEIST 5

Cuid (a)	10 marc	Iarr. 3
Cuid (b)	20 (10, 5, 5) marc	Iarr. (3, 2, 2)
Cuid (c)	20 (10, 10) marc	Iarr. (3, 3)

Cuid (a)	10 marc	Iarr. 3
-----------------	----------------	----------------

Bain úsáid as riail an tsínis chun luach x sa léaráid a ríomh.
Bíodh do fhreagra ceart go dtí an tslánuimhir is gaire.



(a)	10 marc	Iarr. 3
	$\frac{x}{\sin 50^\circ} = \frac{8}{\sin 30^\circ} \downarrow_{4\text{mharc}}$ $x = \frac{8 \times \sin 50^\circ}{\sin 30^\circ} \downarrow_{7\text{marc}}$ $x = \frac{8 \times 0.7660...}{0.5} \downarrow_{7\text{marc}}$ $x = 12.25 \downarrow_{9\text{marc}} \approx 12$	

* Ríomhtar x i gceart gan úsáid a bhaint as riail an tsínis. Tabhair 7 marc

Botúin (-3)

- B1 Earráid mhatamaíticiúil.
- B2 Úsáidtear mód raidian (nó grádán) go mícheart – cuir i bhfeidhm uair amháin i ngach cuid.
- B3 Earráid in úsáid riail an tsínis.
- B4 Ionadú mícheart isteach i riail an tsínis agus leanann ar aghaidh.
- B5 Léitear feidhm mhícheart e.g. léitear $\cos \theta$ in ionad $\sin \theta$ agus leanann ar aghaidh.
- B6 Pointe deachúil san ionad mícheart.

Sciorrháí (-1)

- S1 Gach sciorradh uimhriúil suas go huasmhéid 3.
- S2 Déantar cothromú luath rud a fhágann go ndéantar difear do chruinneas an fhreagra.
- S3 Ní dhéantar cothromú go dtí an leibhéal riachtanach cruinnis (agus obair a léirítear) e.g. $(12 \cdot 3)$

Iarrachtaí (3 mharc)


- A1 Ionadú ceart éigin isteach i bhfoirmle mhícheart ábhartha e.g. $\frac{1}{2}ab \sin C$.
- A2 Úsáid cheart éigin riail an tsínis e.g. $\frac{x}{\sin 50^\circ} = \frac{*}{\sin \#}$.
- A3 Freagra $12 \cdot 2$ nó 12 gan aon obair ar taispeáint.
- A4 Roinnt oibre lena ngabhann fiúntas e.g. tríu huillinn = 100°

Gan fiúntas (0 marc)

- W1 Freagra mícheart gan aon obair e.g. “15 gan aon obair”. Nó féadfar A4 a chur i bhfeidhm.
- W2 Tomhas ón léaráid.
- W3 Úsáid mhícheart riail an chomhshínis.
- W4 Tras-scriobhtar foirmle ó thábla agus stopann sé nó sí.

Sa triantán ABC , tá $|BC| = 6 \text{ cm}$, $|\angle ABC| = 90^\circ$,
 $|\angle CAB| = \theta$ agus $\sin \theta = \frac{3}{5}$.

- (i) Faigh $|AC|$.
- (ii) Faigh $|AB|$.
- (iii) Fíoraigh go bhfuil $\cos^2 \theta + \sin^2 \theta = 1$.



(b) (i)

10 marc

Iarr. 3

$$\begin{aligned} \sin \theta &= \frac{6}{|AC|} = \frac{3}{5} \\ \Rightarrow 3|AC| &= 30 \\ |AC| &= 10 \text{ cm} \end{aligned}$$

$$\sin \theta = \frac{3}{5} \Rightarrow \theta = 36^\circ 52'$$

$$\Rightarrow \tan 36^\circ 52' = \frac{6}{|AB|}$$

$$\frac{3}{4} = \frac{6}{|AB|} \Rightarrow |AB| = 8$$

$$\Rightarrow |AC| = \sqrt{36+64} = 10 \text{ cm}$$

* Glac le freagra ceart gan obair.

* Tá aonaid ag teastáil do b (i) agus do b (ii) má tá na freagraí ceart ar shlí eile.

Botúin (-3)

B1 Earráid mhatamaiticiúil e.g. earráid i ndéileáil le codáin.

B2 Cóimheas mícheart agus leanann ar aghaidh e.g. cóimheas a inbhéartaítar.

Sciorrháí (-1)

S1 Gach sciorradh uimhriúil suas go huasmhéid 3.

S2 Fágtaí aonaid ar lár. [Ná cuir i bhfeidhm ach amháin nuair a thabharfaí marcanna ionlána do fhreagra].

S3 Cothromú a fhágann go ndéanfar difear don fhreagra deiridh.

Iarrachtaí (3 mharc)

A1 Léaráid atá scálaithe go beacht agus a thugann an freagra ceart de 10.

A2 Sainmhínítear nó faigtear feidhm thriantánúil i gceart e.g. $\tan \theta = \frac{3}{4}$.

A3 Iarracht ar chodáin thriantánúla a thógáil.

A4 Foirmle ábhartha mhícheart mar aon le hionadú éigin atá ceart.

A5 Léirítar $\theta = 36^\circ 52'$ (36.86..) (i).

A6 Roinnt oibre lena ngabhann fiúntas e.g. luitear teoirim Pythagoras, e.g. $h^2 = o^2 + a^2$.

A7 $|AC| = 5$.

Gan fiúntas (0 marc)

W1 Tomhas ón léaráid. [6cm]

W2 Freagra mícheart gan obair. Tabhair faoi deara A7 thusas.

(b) (ii)	5 mharc	Iarr. 2
$ AB ^2 = AC ^2 - BC ^2$ $\Rightarrow AB ^2 = 10^2 - 6^2$ $\Rightarrow AB = \sqrt{100 - 36}$ $\Rightarrow AB = \sqrt{64} = 8 \text{ cm}$	$\sin \theta = \frac{3}{5} \Rightarrow \theta = 36^\circ 52'$ $\Rightarrow \tan 36^\circ 52' = \frac{6}{ AB }$ $\frac{3}{4} = \frac{6}{ AB } \Rightarrow AB = 8 \text{ cm}$	$\sin \theta = \frac{3}{5} \Rightarrow \theta = 36^\circ 52'$ $\Rightarrow \cos 36^\circ 52' = \frac{ AB }{10}$ $\frac{4}{5} = \frac{ AB }{10} \Rightarrow AB = 8 \text{ cm}$
$ AB ^2 = 6^2 + 10^2 - 2(6)(10)\cos(53^\circ 08')$ $ AB ^2 = 36 + 100 - 71 \cdot 994\ldots$ $ AB = \sqrt{64 \cdot 005}$ $ AB = 8 \text{ cm}$	$\frac{ AB }{\sin 53^\circ 08'} = \frac{6}{\sin 36^\circ 52'}$ $\Rightarrow \frac{ AB }{0.800\ldots} = \frac{6}{0.599\ldots}$ $\Rightarrow AB = 8 \text{ cm}$	

- * Glac le freagra atá comhsheasmhach le hobair an iarrthóra sa roinn roimhe sin (i).
- * Glac le freagra ceart gan obair.

Botúin (-3)

- B1 Earráid mhatamaíticiúil e.g. $6^2 = 12$.
- B2 Earráid in úsáid Pythagoras e.g. $|AB|^2 = 10^2 + 6^2$.
- B3 Úsáid mhícheart as Pythagoras.
- B4 Cóimheas mícheart.
- B5 Feidhm mhícheart triantánachta agus leanann ar aghaidh.
- B6 Léitear feidhm mhícheart e.g. léitear $\cos \theta$ in ionad $\sin \theta$.
- B7 Earráid maidir le codáin a ionramháil.
- B8 Earráid maidir le húsáid na feidhme inbhéartaí.

Sciorrháí (-1)

- S1 Gach sciorrhád uimhriúil suas go huasmhéid 3.
- S2 Cothromú a fhágann go ndéanfar difear don fhreagra deiridh.

Iarrachtaí (2 mharc)

- A1 Luaitear teoirim Pythagoras e.g. $h^2 = o^2 + a^2$.
- A2 Aon obair lena ngabhall fiúntas, e.g. $6^2 = 36$, $\sin \theta = \frac{\text{urchomhaireach}}{\text{taobhagán}}$.
- A3 Léaráid atá scálaithe go beacht agus a thugann freagra ceart.
- A4 Luann $\theta = 36 \cdot 869^\circ$ agus stopann.
- A5 $|AB| = 3$ nó 4 .

Gan fiúntas (0 marc)

- W1 Freagra mícheart gan obair. Tabhair faoi deara: A5 thusa.
- W2 $10 + 6 = 16$ nó $10 = x + 6$.
- W3 Tomhas ón léaráid. $[5 \cdot 1 \text{ cm}]$.

(b) (iii)	5 mharc	Iarr. 2
<p>* $\cos \theta = \frac{8}{10} \Rightarrow \cos^2 \theta = \frac{64}{100}$</p> <p>$\sin \theta = \frac{6}{10} \Rightarrow \sin^2 \theta = \frac{36}{100}$</p> <p>$\Rightarrow \cos^2 \theta + \sin^2 \theta = \frac{64+36}{100} = 1$</p>	<p>** $\cos^2 \theta = \frac{1}{2}(1+\cos 2\theta)$</p> <p>$\sin^2 \theta = \frac{1}{2}(1-\cos 2\theta)$</p> <p>$\Rightarrow \cos^2 \theta + \sin^2 \theta = 1$</p>	

* Glac le ** θ as θ i modh nó le huillinn ón triantán atá tugtha.

* Glac le freagra atá comhsheasmhach le hobair an iarrthóra sa roinn roimhe sin. (ii)

Botúin (-3)

B1 Earráid mhatamaiticiúil e.g. earráid i gcearnú, $(\%)_{10}^2 = {}^{16}_{20}$ nó a mhacasamhail.

B2 Earráid maidir le codáin a ionramháil.

B3 Caitear le $\cos^2 \theta$ mar $2\cos\theta$ agus leanann ar aghaidh.

Sciorrháí (-1)

S1 Ní luaitear conclúid.

Iarrachtaí (2 mharc)

A1 Ionadú ceart éigin isteach i gcéannacht a thugtar.

A2 Roinnt oibre lena ngabhann fiúntas e.g. $10^2 = 100$.

A3 $\cos^2 \theta = \cos \theta \times \cos \theta$ agus stopann.

A4 Freagra ceart gan obair.

Gan fiúntas (0 marc)

W1 Caitear le $\cos^2 \theta$ mar $2\cos\theta$ agus stopann.


Is ceathairshleasán é $PQRS$ le trasnán $[SQ]$.

Tá $|RS| = 62$, $|SQ| = 35$, $\angle SQR = 82^\circ$, $\angle SPQ = 60^\circ$,

$|SP| = 3x$ agus $|PQ| = 8x$.

- (i) Faigh $|\angle QRS|$, ceart go dtí an chéim is gaire, agus tú ag glacadh le $0^\circ \leq |\angle QRS| \leq 90^\circ$.

- (ii) Faigh luach x .



* Tuilleann obair mhícheart le dhá thriantán 3 mharc iarrachta ar a mhéad.

(c) (i)

10 marc

Iarr. 3

$$\frac{35}{\sin |\angle QRS|} = \frac{62}{\sin 82^\circ} \Rightarrow \sin |\angle QRS| = \frac{35 \times \sin 82^\circ}{62} \downarrow_{4mhc} = \frac{35 \times 0.9902...}{62} \downarrow_{7marc} = 0.5590... \\ |\angle QRS| = 33.98 \downarrow_{9marc} \approx 34^\circ.$$

Botúin (-3)

- B1 Earráid mhatamaiticiúil e.g. ní dhéileáiltear i gceart le feidhm thriantánúil inbhéartach.
- B2 Úsáidtear mód raidian (nó grádán) go mícheart – cuir i bhfeidhm uair amháin i ngach cuid ina dtarlaíonn sé.
- B3 Earráid in úsáid riail an tsínis.
- B4 Ionadú mícheart isteach i riail an tsínis agus leanann ar aghaidh.
- B5 Léitear feidhm mhícheart e.g. léitear $\cos \theta$ in ionad $\sin \theta$ agus leanann ar aghaidh.
- B6 Earráid maidir le húsáid na feidhme triantánula inbhéartaí.
- B7 Pointe deachúil san ionad mícheart.

Sciorrháí (-1)

- S1 Gach sciorrhád uimhriúil suas go huasmhéid 3.
- S2 Déantar cothromú luath rud a fhágann go ndéantar difear do chruinneas an fhreagra.
- S3 Ní dhéantar cothromú go dtí an leibhéal riachtanach cruinnis (agus obair a léirítéar).
- S4 Maoluillinn mar fhreagra (146°).

Iarrachtaí (3 marc)

- A1 Ionadú ceart éigin isteach i bhfoirmle mhícheart ábhartha e.g. $\frac{1}{2}ab \sin C$.

- A2 Úsáid cheart éigin as riail an tsínis. e.g. $\frac{\sin |\angle QRS|}{35} = \frac{*}{\sin \#}$.

- A3 Freagra 33.98° nó 34° gan aon obair ar taispeáint.

- A4 Roinnt oibre lena ngabhann fiúntas e.g. uillinn iomlán a thomhaistear i dtriantán $= 180^\circ$.

Gan fiúntas (0 marc)

- W1 Freagra mícheart gan aon obair e.g. “28 gan aon obair”. Nó féadfar A4 a chur i bhfeidhm.

- W2 Tomhas ón léaráid (39°).

- W3 Úsáid mhícheart as riail an chomhshínis.

- W4 Déileáiltear le triantán QRS mar a bheadh triantán dronuilleach. [Faoi réir marcanna iarrachta]

(c) (ii)

10 marc

Iarr. 3

$$(35)^2 = (3x)^2 + (8x)^2 - 2(3x)(8x)\cos 60^\circ$$

$$1225 = 9x^2 + 64x^2 - 48x^2(\frac{1}{2}) \downarrow_{4mhc}$$

$$1225 = 73x^2 - 24x^2 = 49x^2 \downarrow_{7marc}$$

$$25 = x^2$$

$$x = 5 \downarrow_{10marc}$$

